



Lucsamburg, 21.01.2020

TAG.: CDT-ACIII-2019/03 – GNÍOMHAIRÍ LEAGAIN AMACH AGUS TÉACSPHRÓISEÁLA
GRÁD: FG III
ROINN: AN ROINN TACAÍOCHTA AISTRIÚCHÁIN
ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg agus fostaíonn sé thart ar 200 ball foirne faoi láthair.

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun éilimh **na Rannóige um Bainistiú Shreabhadh Oibre sa Roinn Tacaíochta Aistriúcháin** a shásamh, d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú óna n-earcófar gníomhairí ar conradh mar **ghníomhairí leagain amach agus téacsphróiseála** faoi chomhair na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

Réamhphróiseáil (ullmhú) na gcomhad chun cuspóirí aistriúcháin,
Iarphróiseáil (optamú leagain amach) na gcomhad tar éis aistriúcháin,

le scileanna inmhianaithe sna réimsí gaolmhara seo a leanas:

Teicneolaíochtaí aistriúcháin,
Bainistiú tionscadal teangeolaíoch,
Teicneolaíochta aistriúcháin chlosamhairc.

IS IAD FREAGRACHTAÍ NA NGNÍOMHAIRÍ LEAGAIN AMACH AGUS TÉACSPHRÓISEÁLA:

Cabhrú leis an ngaroifigeach uachtarach:

- Cabhrú leis an ngaroifigeach uachtarach i ndáileadh laethúil na dtascanna réamhphróiseála agus iarphróiseála d'aon chineál seirbhísí teanga a chuireann an tIonad ar fáil;
- Feabhsuithe a mholadh do na foirne éagsúla den Rannóg um Bainistiú Shreabhadh Oibre maidir le gníomhaíochtaí próiseála comhad.

Gníomhaíochtaí faireacháin:

- A áirithiú go gcloítear le spriocdhátaí ach faireachán a dhéanamh ar an obair a dháiltear ar na comhaltaí éagsúla den fhoireann sa Rannóg nó a sheachfhoinsear do sholáthraithe seirbhíse seachtraí;
- Tascanna a fheidhmiú chuig na caighdeáin agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa Rannóg agus spriocdhátaí a shásamh.

Príomhghníomhaíochtaí riachtanacha:

- Tabhairt faoi anailís theicniúil ar iarratais éagsúla faoi sheirbhís theangeolaíoch (e.g. aistriúchán, fo-theidealú, liostaí téarma, etc.) agus measúnú a dhéanamh ar an dua agus ar an iarracht a theastaíonn chucu sin;
- Comhaid a ullmhú chun cuspóirí seachfhoinseithe agus aird á tabhairt do phrótacail inmheánacha na Rannóige;
- Cumarsáid a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse maidir le feidhmiú na dtascanna sannta agus freagairt d'fhiosrú ar bith a fuarthas;
- Measúnú a dhéanamh ar an obair le soláthraithe seachtracha réamhphróiseála agus iarphróiseála, agus tascanna rialaithe cáilíochta teicniúla cur i bhfeidhm nó a dháileadh ar acmhainní inmheánacha;
- Comhaid a ullmhú i ngach aon fhormaidí inghlactha chun cuspóirí aistriúcháin (réamhphróiseáil) ach cloí le nósanna imeachta inmheánacha réamhphróiseála na Rannóige;
- Tabhairt faoi thascanna rialaithe cáilíochta leagain amach agus formáidithe inneachair (iarphróiseáil) ar chomhaid aistrithe i ngach aon fhormaidí inghlactha ag an Ionad ag cloí le nósanna imeachta iarphróiseála na Rannóige;
- Tacaíocht theicniúil a sholáthar maidir le saincheistanna le linn chur i bhfeidhm seirbhísí teangeolaíocha ar bith agus cuardach i gcomhair réiteach féideartha cibé uair a thagann saincheist nua aníos;
- Bunachair eolais a chothabháil agus rannchuidiú le comhroinnt an dea-chleachtas (e.g. ailt a scríobh ar ábhair speisialaithe i réimse ullmhú teicniúil na gcomhad, gníomhaíochtaí leagain amach agus formáidithe, fo-theidealú, etc.);
- Sainoiliúint a sholáthar d'aistritheoirí agus do bhaill foirne na Rannóige um Bainistiú Shreabhadh Oibre maidir le leagan amach agus le formáidí inneachair;
- Saincheistanna bunúsacha a fhabhtcheartú le comhaid teanga mharcála cosúil le HTML nó XML;
- Tabhairt faoi thiontuíthe formáide comhaid agus tástálacha bréagaistriúcháin a rith lena chinntiú go bpróiseáiltear na comhaid i gceart ag uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe ó thaobh cúrsaí teicniúla agus teangeolaíocha de araon;
- Doiciméadacht a dhréachtú, a rannchuidiú agus a nuashonrú don fhoireann agus d'úsáideoirí deiridh eile maidir le limistéir leagain amach agus formáidithe;
- Láithreoiríochtaí a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a dhéanann an fhoireann.

Gníomhaíochtaí inmheánaithe breise:

- Limistéir a shaináithint chun feabhsú agus optamú a dhéanamh d'fhonn éifeachtúlacht a mhéadú agus feidhmiú tascanna a luathú araon;
- Ábhar closamhairc a ullmhú don fo-theidealú agus tabhairt faoi thástálacha ráthaithe cáilíochta teicniúla tar éis fo-theidealaithe chun a chinntiú go gcloítear le prótacail fo-theidealaithe;
- Smaointe nó scrípteanna a rannchuidiú d'uathobriú na próiseála comhad;
- Gníomhaíochtaí dearbhairthe cáilíochta logánaithe láithreán gréasáin a dhéanamh;
- Gníomhaíochtaí faire teicneolaíochta a dhéanamh ar ábhair atá iomchuí don Roinn Tacaíochta Aistriúcháin.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Tá an nós imeachta roghnúcháin oscailte d'aon iarrthóir atá in ann na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta d'iarraais ar líne: **18.02.2020**.

a) CRITÉAR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- cáilíochtaí: a bheith i seilbh leibhéal oideachais iar-mheánscoile arna fhianú le diplóma i réimse **an aistriúcháin, le sainstaidéir bhreise sa dearadh leagain amach, innealtóireacht doiciméid, teicneolaíocht aistriúcháin logánú** arna bhfianú le deimhniúcháin;

nó

leibhéal meánoideachais arna fhianú ag diplóma a thugann rochtain ar oideachas iar-mheánscoile, agus ina dhiaidh sin **trí bliana** ar a laghad de thaithe ghairmiúil i réimse **na foilsitheoireachta deisce, na tacaíochta aistriúcháin, na bainistíochta tionscadal aistriúcháin, na bainistíochta inneachair ilteangaigh** nó **an logánaithe** arna fhianú go soiléir;

- scileanna teanga: eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile an Aontais Eorpaigh, sa mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) SAINRIACHTANAIS:

- eolas an-mhaith ar Fhraincis nó ar Bhéarla agus eolas maith ar Bhéarla nó ar Fhraincis (labhartha agus scríofa);
- ardúsáid d'fheidhmchláir Microsoft Office: Word, Power Point, Excel agus Visio;
- cur amach maith ar Adobe InDesign agus/nó ar Illustrator arna fhianú le taithe oibre nó le cúrsaí oiliúna (deimhniúchán);
- Eolas bunúsach ar uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe arna fhianú le deimhniúcháin nó le taithe oibre roimhe seo (agus conarthaí agus tuairiscí poist mar chruthúnas de sin) i réimse leagain amach agus formáidithe inneachair d'fhad **shé mhí ar a laghad**;
- Taithe le húsáid macraí agus feidhmchlár atá saindeartha chun tascanna atriallacha a uathobriú.

c) INNIÚLACHTAÍ INMHIANAITHE:

- eolas maith ar thrí teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
- taithe cruthaithe d'fhad **shé mhí ar a laghad** mar bhainisteoir inneachair ilteangaigh, bainisteoir tionscadal aistriúcháin nó saineolaí foilsitheoireachta deisce;
- cur amach ar bhaisc-scriptiú nó ar theanga ríomhchlárúcháin ar bith;
- cumas chun macraí a chruthú le tascanna atriallacha a uathobriú;
- ard-teicnící cuardaigh (e.g. nathanna rialta);
- teicnící fo-theidealaithe;
- tástáil ar logánú láithreán gréasáin.

d) **SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA:**

- Cumarsáid scríofa agus labhartha: scileanna dréachtaithe, scileanna achoimrithe agus an cumas cumarsáid a dhéanamh sna teangacha eachtracha ábhartha.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas oibriú mar chuid d'fhoireann, dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (go himmheánach agus go seachtrach) agus oibriú i dtimpeallacht ilteangach.
- Tuiscint ar fhreagracht: discríd, rúndacht, mionchruinneas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: an cumas tascanna éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a shocrú; cur chuige córasach; an cumas dul ar aghaidh leat féin agus obair a dhéanamh; an cumas oibriú faoi bhrú; solúbthacht.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus oibriú fiú faoi bhrú; intinn fhiosrach agus inniúlacht i ndáil le taighde doiciméad; an cumas foghlaim agus oiriúnú d'fhorbairtí in TF.

Déanfar na scileanna sin a mheastóireacht sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointe 2(b)(i) agus (ii)).

2. **AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:**

a) **AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:**

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na 'critéir incháilitheachta' thuasluaite (pointe 1(a)) agus is é an aidhm atá léi a dhearbhu cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hiarratasóirí na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na riachtanais foirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais sin¹.
- Sa dara cuid, cuirfear san áireamh taithe ghairmiúil na n-iarratasóirí agus critéir eile atá liostaithe faoin teideal 'Critéir roghnúcháin' (pointe 1(b) agus 1(c)). Déanfar an chéim seo a mharcáil as 20 (pasmharc: 10).

Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh do na 20 iarratasóir a ghnóthaíonn na marcanna is airde sa dara cuid den chéim réamhroghnúcháin chuig triail scríofa agus chuig agallamh.

b) **AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:**

Cuirfear an chéim roghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa ina bhfuil na nithe seo a leanas:

- Triail phraiticiúil ríomhairebhunaithe chun inniúlacht na n-iarratasóirí sna dualgais lena mbaineann a mheasúnú (áit a bpléifidh siad le cásanna iarbhir sna réimsí sonracha atá luaite ar leathanach 1).

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 10).

An t-am a cheadaítear: 2 uair.

¹ Tabhair do d'aire go ndiúltófar d'iarratasóirí nach féidir leo cruthúnas a thabhairt ar thaithe ghairmiúil ábhartha sna réimsí atá sonrath.

Féadfaidh na hiarratasóirí na trialacha scríofa agus praiticiúla ríomhairebhunaithe a dhéanamh i bhFraincis nó i mBéarla. Tabhair do d'aire nach mór d'iarratasóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu na trialacha a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

- (ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na scileanna inmhianaithe atá liostaithe i bpointe 1(b), (c) agus (d).

D'fhéadfaí an t-agallamh a dhéanamh an lá céanna a dhéantar an triail scríofa, nó ceann amháin de na laethanta ina dhiaidh sin.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12).

An t-am a cheadaítear: thart ar 30 nóiméad.

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg.

Tar éis na dtrialacha agus na n-agallamh, dréachtóidh an Coiste Roghnóireachta liosta ionadaithe in ord aibtre. Is é a bheidh sa liosta ionadaithe ainmneacha na n-iarratasóirí a ghnóthaigh an marc riachtanach íosta san agallamh agus sna trialacha (féach pointí (i) agus (ii)). Tabhair do d'aire nach dtugann áireamh ar liosta ionadaithe gealladh earcaíochta.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh, a luaithe a iarrfaidh an Coiste Roghnóireachta orthu amhlaidh, na doiciméid tacaíochta ábhartha uile a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a chur isteach. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear an t-eolas agus na scileanna atá acu agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, feidhm agus cineál beacht a gcúraimí, etc.

Sula síneoidh sé/sí conradh, áfach, beidh ar an iarratasóir rathúil ar an bpost na bunchóipeanna agus na cóipeanna deimhnithe uile de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear go gcomhlíonann sé/sí na critéir incháilitheachta a chur isteach.

Beidh an liosta ionadaithe ballí go ceann 12 mhí ón dáta a tharraingeofar suas é agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a dhéanamh.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh dhá bhliain (in-athnuaite) a thairiscint d'iarratasóirí roghnaithe i gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh go gcuirfí ceangal ar an iarratasóir rathúil iarratas a dhéanamh ar imréiteach slándála.

Earcófar an t-iarratasóir rathúil chuig feidhmghrúpa III. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád 8 (céim 1) agus EUR 2 758.47. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfaí liúntais éagsúla a chur leis, amhail liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), etc.

Lena chois sin, sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir:

- aon oibleagáidí seirbhíse míleata forchurtha ag an dlí a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)²;
- dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh oifigigh leighis an Ionaid Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 82(e) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

² Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a chomhlánú sula rachaidh an spriocdháta in éag.

Molaimid go láidir duit gan fanacht go dtí na laethanta deiridh le hiarratas a dhéanamh. Is léir ó chúrsaí san am atá caithe go bhféadfadh an córas a bheith ró-ualaithe níos gaire don dáta deiridh le hiarratais a chur isteach, agus d'fhéadfadh deacracht a bheith ann an t-iarratas a dhéanamh in am mar gheall air sin.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus glacann sé le hiarratais beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh go n-oibreoidh sé/sí go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a mheas mar leasanna díobhálacha dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith; féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach larscríbhinn 1).

IARRATAÍ Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEAN LEO

Tá an ceart sonracha ag iarratasóirí atá páirteach i nósanna imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach, mar atá sonraithe thíos. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a iarrann amhlaidh, mar gheall ar an iarraidh sin a bheith déanta acu. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Pléifear le hiarrataí agus aird á thabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnóireachta i gcomhréir leis na Rialacháin Foirme.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus Cinneadh Uimh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, I ch 39). Baineann sé sin go sonracha le rúndacht agus le slándáil sonraí den sórt sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach an [fógra príobháideachta sonracha](#).

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire go bhfuil na himeachtaí ar fad cumhdaithe leis an gceanglas rundachta a leagtar síos sna Rialacháin Foirne. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearnadh dochar dá leasanna ag cinneadh ar leith, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta CDT-ACIII-2019/03

Oifig 3076
An tIonad Aistriúcháin
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnóireachta freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

An tÚdarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích i ndáil le Tagairt Fostaíochta: CDT-ACIII-2019/03

Oifig 3076
An tIonad Aistriúcháin
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama ina bhféadfar an dá chineál sin nós imeachta a thionscnamh, tosóidh siad ón dáta a thabharfar fógra d'iarratasóirí faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán Comhairle (CE, Euratom) Uimh 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, Ich. 15 – <http://eur-lex.europa.eu/homepage.html>)

Tabhair do d'aire nach bhfuil an chumhacht ag an Údarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích cinnití an Choiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte Breithiúnais nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag coistí roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialáitear nósanna imeachta na gcoistí roghnóireachta.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Gearán a chur isteach, i gcomhréir leis an gceart atá ag gach saoránach den Aontas Eorpach, le:

An tOmbudsman Eorpach

1 avenue du Président-Robert-Schuman – BP 403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialáitear comhlíonadh dhualgas an Ombudsman (94/262/ECSC, CE, Euratom) (IO L 113, 4.5.1994, Ich. 15).

Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin a chur isteach nó maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de bhun Airteagal 2(4) de Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialáitear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (94/262/CECA, CE, Euratom).